


An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair Fraincise
TUAIRISC

Gaelcholáiste Phort Láirge
Baile Gunnair, Contae Phort Láirge
Uimhir Rolla: 68078U

Dáta na Cigireachta: 5 Bealtaine 2016



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT FOGHLAMA AGUS TEAGAISC SA FHRAINICIS

EOLAS AR AN GCIGIREACHT

| | |
|--|--|
| Dáta na Cigireachta: | 5 Bealtaine 2016 |
| Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha• Plé leis an bpríomh-oide agus leis an múinteoir• Idirghníomhú le daltaí | <ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus foghlaim i dtrí cinn de thréimhsí ranga• Iniúchadh ar obair na ndaltaí• Aiseolas chuig an bpríomh-oide agus chuig an múinteoir |

NA PRÍOMHTHORTHAÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna a breathnaíodh go maith nó go han-mhaith.
- Baineadh úsáid as an spriotheanga chun na ceachtanna a thabhairt agus cumarsáid sa seomra ranga a dhéanamh agus bhí pleanáil na gceachtanna déanta d'fhonn deiseanna a thabhairt do na scoláirí an spriotheanga a úsáid.
- Níor thug scrúdú ar shamplaí d'obair na scoláirí a cuireadh ar fáil mórán fianaise ar mhonatóireacht rialta ná ar aiseolas múnlaiteach do na scoláirí i dtaobh oibre scríofa.
- Cé gur an-shásúil an líon roghnúchán agus na leibhéil ghnóthachtála ag ardleibhéal an ábhair sa teastas sóisearach go dtí seo i gcoitinne, ní hamhlaidh atá an scéal i dtaobh gnóthachtála ag an ngrád is airde.
- Ar an iomlán tá soláthar scoile uile don ábhar an-mhaith.
- Gan pleanáil do Fhraincis na hIdirbhliana a áireamh, tá pleanáil ábhair ag bunleibhéal go dtí seo go ginearálta.

NA PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Ba chóir d'fhéinmheastóireacht agus athmhachnamh roinne díriú ar ghnéithe den teagasc agus den bhfoghlaim sa tsraith shóisearach a d'fhéadfadh cur le hardú leibhéal gnóthachtála ag an ngrád is airde.
- Ba chóir deiseanna forbartha gairmiúla na múinteoirí a shaothrú go gníomhach.
- Ba chóir do roinn na Fraincise a plean trí bliana féin a chur le chéile chun soláthar an ábhair a fhorbairt agus a chur chun cinn.

RÉAMHRÁ

Scoil iarbhunoideachais Chaitliceach chomhoideachais lán-Ghaeilge is ea Gaelcholáiste Phort Láirge. Tá sí suite ar imeall chathair Phort Láirge. Oibríonn an scoil, a bunaíodh sa bhliain 2007, faoi phátrúnacht an Fhoras Pátrúnachta. Tá 116 scoláire ar an rolla faoi láthair. Tairgtear an Teastas Sóisearach, an Ardteistiméireacht agus clár Idirbhliana roghnach inti. Tá an Fhraincis ar cheann dhá nuatheanga a thairgtear sa scoil.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna a breathnaíodh go maith nó go han-mhaith. Bhí an cháilíocht seo á tacú ag pleanáil shoiléir na gceachtanna ar leith a bhí i gceist.
- Bhí ábhar na gceachtanna roghnaithe go cuí chun freagairt d'éilimh curaclaim agus scrúduithe, mar ba chúí. I gceacht na cúigiú bliana, bhí an léamhthuiscint dírithe ar thopaic a raibh ábharthacht dhíreach do na scoláirí aici. Baineadh úsáid as doiciméad údarach. Cleachtas an-mhaith é seo.
- Baineadh úsáid fhorleathan as an sprioctheanga i seachadadh na gceachtanna agus ba léir go raibh na ceachtanna pleanáilte ar shlí go gcuirfí deiseanna ar fáil do na scoláirí an sprioctheanga a úsáid chomh maith.
- Thacaigh roinnt straitéisí teagaisc agus foghlama a úsáideadh le cruthú deiseanna do na scoláirí chun an Fhraincis a úsáid. Áiríodh orthu seo úsáid cluiche bhéil, obair bheirte agus babhta tobsmaointe comhoibritheach.
- Bhí an rang Idirbhliana i mbun ullmhúcháin dheiridh agus athbhreithnithe don scrúdú Diplôme d'Études en Langue Française (DELFF). Cleachtas fíormhaith is ea é cáilíocht mar seo a bhaint amach san Idirbhliain mar thugann a churaclam a bhfuil struchtúr soiléir air sprioc foghlama sainmhínithe do na scoláirí agus tugann rochtain dóibh ar theastasú seachtrach as a leanann deiseanna staidéir bhreise leis. Le clár mar seo léirítear meas ar an deis a thugann an Idirbhliain agus ag an am céanna tacaítear le hullmhú do staidéar na Fraincise sa tsraith shinsearach. Cleachtas an-mhaith é seo.
- Má bhí níos lú éifeachtacht ag ceacht áirithe ná mar a bhí ag ceachtanna eile is go mór mór de dheasca leibhéil rannpháirtíochta níos ísle ó thaobh roinnt scoláire de a tharla sin. Ní mór do phleanáil an cheachta a bheith solúbtha a dhóthain agus ní mór d'fheasacht an mhúinteora a bheith géar a dhóthain chun a chinntiú go spreagtar gach dalta chun na hábhair riachtanacha a bheith aige/aici agus chun rannpháirtiú go gníomhach sa cheacht.
- Tacaíodh le sealbhú teanga trí úsáid mhaith a bhaint as clár bán agus teilgean agus trí nótaí a bheith á mbreacadh ag na scoláirí.
- Bíodh is gur tugadh obair bhaile i ngach ceacht, níor thug scrúdú ar obair na scoláirí a cuireadh ar fáil mórán fianaise ar mhonatóireacht rialta ná ar aiseolas múnlaiteach do na scoláirí maidir lena gcuid oibre scríofa. Cé gur glacadh leis go mb'fhéidir nár go hiomlán ionadaíoch a bhí an sampla d'obair na scoláirí a cuireadh ar fáil threisigh an cigire go bhfuil cleachtais mar seo ríthábhachtach, go háirithe i mblianta luatha an sealbhú teanga, d'fhonn tacú leis an ullmhú fíordhian chun na leibhéil is airde i scrúduithe scríofa a bhaint amach.
- Go dtí seo, níor cláraíodh scoláirí don Ardteistiméireacht sa bhFraincis ach dhá uair; dá bhrí sin ní féidir aon phátrúin ghnóthachtála iontaofa a aithint go fóill. Cláraíodh scoláirí trí huair don Teastas Sóisearach, mar sin is féidir tuairim áirithe a fháil ar phátrúin

roghnúcháin agus gnóthachtála. Cé gur an-shásúil an líon roghnúchán agus na leibhéil ghnóthachtála ag ardleibhéal an ábhair sa teastas sóisearach i gcoitinne ní hamhlaidh atá an scéal i dtaobh gnóthachtála ag an ngrád is airde. Moltar gur chóir anailís scoilbhunaithe ar thorthaí agus athmhachnamh uirthi ón roinn a bheith i ndoiciméid na roinne atá ag díriú ar an tslí ar féidir teagasc agus foghlaim a fhorbairt chun go dtacóidh siad leis na leibhéil ghnóthachtála agus go n-ardóidh siad iad ag na gráid is airde. Lena chois sin tá roinn na Fraincise in áit mhaith chun féachaint ar an tslí ar féidir teagasc agus foghlaim a dhifreáil chun dúshlán a chur roimh na scoláirí agus deiseanna foghlama a mhéadú.

SOLÁTHAR ÁBHAR AGUS TACAÍOCHT SCOILE UILE

- Rud uailmhianach do scoil bheag is ea é go dtairgtear Fraincis agus Spáinnis araon i nGaelcholáiste Phort Láirge. Ar theacht isteach sa scoil dóibh tugtar rogha do na scoláirí sna blianta inar féidir dhá ghrúpa ranga a dhéanamh de bharr líon na scoláirí a thagann isteach. Lasmuigh de sin tairgtear Fraincis nó Spáinnis do ghrúpa ranga. Is é beartas na scoile faoin am seo go leanann na scoláirí de staidéar na teanga roghnaithe sa tsraith shinsearach.
- Tá leithdháileadh ama don ábhar de réir an tsoláthair náisiúnta.
- Cé go bhfuil an scoil in áitreabh sealadach i gcónaí, sannadh bunsheomra ranga a bhfuil trealamh oiriúnach ann do roinn na Fraincise. I rith ama ba chóir aird a dhíriú, i bpleanáil roinne agus i bpleanáil acmhainní, ar an tslí inar féidir an leas is fearr a bhaint as an áis seo chun tacú le forbairt sealbhú teanga agus feasacht chultúrtha araon.
- Go dtí seo, tá roinn na Fraincise tar éis páirt a ghlacadh i dturas scoile go dtí an Fhrainc. Is mór aici na deiseanna foghlama a thugann am a caitheadh i dtír na sprioctheanga do na scoláirí; ba chóir na deiseanna seo go léir a spreagadh.
- Tá an t-ádh le roinn na Fraincise go bhfuil cainteoir dúchais Fraincise ar an bhfoireann. Ba chóir go mbreathnófaí in athmhachnamh gairmiúil ar shlite chun an tairbhe is fearr a bhaint as acmhainn chomh luachmhar leis seo. Ós rud é gur scoil bheag í seo ag a bhfuil ranna ábhair beaga, moltar go rachadh roinn na Fraincise sa tóir ar gach deis ábhartha chun forbairt ghairmiúil agus líonrú na múinteoirí a chur chun cinn.
- Déantar measúnú ar na scoláirí sa scoil go rialta, coinnítear taifid agus tugtar tuairiscí do na tuismitheoirí. Spreagtar na scoláirí leis, pleanáil agus athmhachnamh a dhéanamh i dtaobh a gcuid spriocanna teanga. I láthair na huaire déantar measúnú béil ar na scoláirí mar chuid den scrúdú DELF san Idirbhliain. Chun tacú le sealbhú teanga moltar gur chóir do roinn na Fraincise pleanáil a dhéanamh chun measúnú ar chumas teanga na scoláirí a thabhairt san áireamh sna blianta eile chomh maith.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚ

- Bhí pleanáil do na ceachtanna a breathnaíodh an-mhaith. Cuireadh gnóthaí ar nós cuspóirí teagaisc, torthaí foghlama, gníomhaíochtaí seomra ranga, acmhainní agus obair bhaile san áireamh.
- D'ullmhaigh roinn na Fraincise plean cineálach don Idirbhliain in 2014. Is é atá sa plean ná roinnt gnéithe fíorshuimiúla ar nós dialann Idirbhliana atá á coinneáil go seachtainiúil ag na scoláirí, láithreoireachtaí grúpa seachtainiúla le scoláirí ar thopaicí a bhaineann leis an bhFraincis agus an cháilíocht DELF mar a luadh thuas. Ó nocht pléite le roinn na Fraincise nach gclúdaítear gach ceann de na gnéithe seo go léir i mbliain amháin ar bith

moltar mír d'fhéinmheastóireacht mhúinteora bhliantúil agus athbhreithniú a ghabhann léi a chur san áireamh sa phlean.

- Mar a pléadh in aiseolas tar éis na cigireachta, d'fhéadfaí pleanáil bhunúsach do ghrúpaí bliana eile a fheabhsú trí ghabháil laistiar de liosta de cheannteidil chaibidle.
 - D'fhonn soláthar roinne don ábhar a fheabhsú go hincriminteach moltar go gcuirfeadh roinn na Fraincise plean gníomhaíochta trí bliana le chéile agus go gcloíodh sí leis chun sin a bhaint amach.
-

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Tá an Bord Bainistíochta, an bhainistíocht scoile agus an roinn an buíoch as an aitheantas a tugadh do na dea-chleachtais atá ar bun agus an fhorbairt déanta i roinn na Fraincise sa scoil.

Tuigimid gur ábhar dearfach í cigireacht i dtreo forbairt an teagaisc agus na foghlamtha sa scoil agus gur fearrde an scoil ar fad dá barr.

Glacaimid leis na moltaí a tugadh dúinn sa chigireacht seo agus feictear iad mar threoracha agus spreagadh chun an Fhraincis a chur chun cinn sa scoil agus chun an teanga a neartú mar ábhar tábhachtach sa churaclam.

Tá plé déanta agus beidh tuilleadh ar bun ar ábhar na cigireachta seo i measc na foirne, na bainistíochta & an Bhoird ionas roinn na Fraincise agus roinnte eile na scoile a chur chun cinn.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

| An Moladh a Tugadh | Gníomhartha beartaithe le cur i bhfeidhm sa roinn Fraincise & i ngach roinn ábhar eile sa scoil |
|--|---|
| 1. Ba chóir d'fhéinmheastóireacht agus athmhachnamh roinne díriú ar ghnéithe den teagasc agus den bhfoghlaim sa tsraith shóisearach a d'fhéadfadh cur le hardú leibhéal gnóthachtála ag an ngrád is airde. | Béim uile scoile á chur ar mholtaí FMS an teagaisc & na foghlamtha i mbliana. Ceartú cóipleabhair le déanamh go minic le béim ar an Measúnú ar an bhFoghlaim. Anailis á dhéanamh ar thorthaí na scrúduithe & athmhachnamh déanta ag roinn na Fraincise air – mar chuid den phleanáil ar an dteagasc & foghlaim. Scrúduithe rialta tugtha & aiseolas tugtha do na scoláirí ina phlean uile scoile i mbliana. |
| 2. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a dhéanamh | Cúrsaí inseirbhíse a dhéanamh. Clarú le hIonad na Múinteoirí. |
| 3. Plean gníomhach 3 bliana a fhorbairt don roinn ionas soláthar an ábhair a fhorbairt | Plean 3 bliana le déanamh ag an roinn ionas forbairt a dhéanamh ar an bhFraincis sa scoil. Beidh díriú ar: Gnóthachtáil na ndaltaí i scrúduithe stáit. Feasacht a spreagadh sna daltaí ar bhuntáiste na teanga a bheith acu. Imeachtaí agus gníomhachtaí seach agus tras churaclam eagraithe ag an roinn ábhair. Cur le hacmhainní na roinne de réir a chéile. Buiséad le fáil ón mBord Bainistíochta chuige. |
| 4. Gá pleanáil ábhar níos mó a dhéanamh (ag bunleibhéal ach amháin Idirbhliain) | Na Teimpléid Pleanála Ábhar uile scoile a úsáid do gach rang agus a leanúint ó théarma go téarma agus na treoracha de réir an t-siollabais a úsáid seachas na treoracha mar atá leagtha amach de réir ceanteidil na leabhar. Tá na teimpléid seo ar fáil i <i>Leabhrán Scoile na Múinteoirí</i> . |
| 5. Monatóireacht leanúnach a dhéanamh & aiseolas a | Measúnú ar an bhFoghlaim i bhfeidhm mar pholasáil lárnach ag gach múinteoir sa scoil i mbliana. |

| | |
|---|---|
| thabhairt | |
| 6. Sealbhú na teanga a threisiú | <p>Scrúdú béil a chur ar na scoláirí i ranganna eile chomh maith leis an Idirbhliain</p> <ul style="list-style-type: none"> - Déanta le Bliain 6 gach bliain chomh maith (trial scrúdú) ach é a leathnú go blianta eile. - Obair ghrúpa/beirte ar siúl sa rang níos minicí - Tascanna béil/comhráití ar siúl sa rang go rialta |
| 7. Féinmheastóireacht & Athbhreithniú bliantiúil a dhéanamh ar Phlean na hIdirbhliana | Féachaint ar phlean na hIdirbhliana ag deireadh gach bliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar rudaí a d'oibrigh agus nár oibrigh ionas clár fóna a chur i bhfeidhm i gcónaí. |
| 8. Leas éifeachtach a bhaint as an gcainteoir dúchais Fraincise | Comhnascadh a dhéanamh le hábhair eile m.sh. Cócaireacht Fhrancach san Eac. Bhaile le cúnamh múinteoir Fraincise, acmhainí foghlamtha srl ón bhFrainc ar fáil/in úsáid sa roinn. Ceol agus amhráin Francacha curtha faoi bhráid na ndaltaí. |